FEIDHMEACH

# WJEC Leibhéal 3 Teastas Feidhmeach
# Gnó

RIALAITHE AG OFQUAL AGUS CCEA REGULATION
SAINITHE AG QUALIFICATIONS WALES

## SONRAÍOCHT

Le teagasc ó 2018
Le bronnadh ó 2019



# WJEC Leibhéal 3
# Teastas Feidhmeach
# Gnó

## SONRAÍOCHT

Le teagasc ó 2018

Le bronnadh ó 2019

**Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Rannáin 1.5, 1.6 agus 2 den tSonraíocht.**

# Clár na nÁbhar

| | | Leathanach |
|---|---|---|
| **1.** | **Intreoir** | **4** |
| **2.** | **Aonaid** | **5** |

# 1. INTREOIR

## 1.5. Struchtúr

**Struchtúr an Teastais**

Tá dhá aonad éigeantacha sa Teastas Fheidhmeach i nGnó

| Uimhir an Aonaid | Aonad | Measúnú | UFT | % |
|---|---|---|---|---|
| 1 | An Eagraíocht - Maireachtáil agus Rathúnas | Scrúdú scríofa (Seachtrach) | 90 | 50% |
| 2 | Margaíocht Ghníomhach | Measúnú Rialaithe (Tasc Eiseamláireach) *,** (Inmheánach) | 90 | 50% |

Eochair:

*　Sionoptach,

**　Déanfar measúnú rialaithe eiseamláireach ar leith a eisiúint d'Aonad 2 agus 4 don Ghnó agus don Mhiondíol

## 1.6. Uaireanta Foghlama Treoraithe (UFT) (*GLH*) agus Am Iomlán don Cháilíocht (AIC) (*TQT*)

Rinneadh líon Uaireanta Foghlama Treoraithe (UFT) a leithdháileadh ar gach aonad sa Teastas Fheidhmeach i nGnó. Seo líon na n-uaireanta foghlama treoraithe a mbíonn an WJEC ag dúil go gcuirfeadh an lárionad ar fáil d'fhoghlaimeoirí le haonad a chur i gcrích. Ciallaíonn foghlaim threoraithe gníomhaíochtaí amhail foghlaim bunaithe sa tseomra ranga, ranganna teagaisc agus foghlaim ar líne, atá faoi mhaoirseacht dhíreach an mhúinteora, maoirseora nó feighlí. Cuimsíonn sé chomh maith gach cineál measúnaithe a tharlaíonn faoi stiúir nó maoirseacht dhíreach an mhúinteora, maoirseora nó feighlí.

Is é líon iomlán an UFT atá sannta don Teastas Fheidhmeach i nGnó ná 180 uair an chloig.

De bhreis ar UFT, sonraíonn WJEC fosta líon iomlán uaireanta an chloig a mheastar gur chóir d'fhoghlaimeoirí a dhéanamh leis an cháilíocht a chur i gcrích: tugtar an tAm Iomlán don Cháilíocht (AIC) air seo. Gníomhaíochtaí a chuirfidh leis an AIC, cuimsíonn siad taighde neamhspleách agus neamh-mhaoirsithe, obair chúrsa neamh-mhaoirsithe, ríomhfhoghlaim neamh-mhaoirsithe agus gach foghlaim threoraithe.

Is é an líon iomlán AIC atá sannta don Teastas Fheidhmeach i nGnó ná 270 uair an chloig.

# 2. AONAID

## 2.1. Formáid aonaid

**Teideal aonaid**

Is achoimre inneachar an aonaid ar mhodh gonta é teideal an aonaid.

**Uaireanta Foghlama Treoraithe (UFT)**

Is é an rud atá curtha in iúl le hUaireanta Foghlama Treoraithe ná na huaireanta sin amháin ina mbíonn teagascóir i láthair agus ag cur leis an phróiseas foghlama. I roinnt eagraíochtaí, tugtar 'am teagmhála' air seo. Cuimsíonn an t-am seo léachtaí, tréimhsí praiticiúla faoi mhaoirseacht agus am staidéir faoi mhaoirseacht.

**Aidhm**

Cuireann an aidhm achoimre ghairid shoiléir ar fáil ar an aonad. Chomh maith leis sin, léiríonn sí an cuspóir feidhmeach don aonad.

**Forléargas aonaid**

Tugann an forléargas achoimre ar inneachar an aonaid. Leagann sé amach comhthéacs gairmiúil an aonaid agus cuireann béim ar chuspóir na foghlama san aonad.

**Forbairt scileanna**

Déanann an rannán seo cur síos imlíneach ar na sainscileanna ríthábhachtacha infhostaitheachta a fhorbrófar tríd an aonad.

**Critéir mheasúnaithe**

Sonraíonn na critéir mheasúnaithe an caighdeán ba chóir a bheith ag foghlaimeoir lena thaispeáint gur baineadh torthaí foghlama an aonaid sin amach.

**Inneachar Aonaid**

Is é an t-inneachar táscach a shainmhíníonn leithead agus doimhneacht na foghlama do chritéar measúnaithe. Táthar ag súil go dtabharfar an t-inneachar táscach go léir le linn an chláir foghlama. Ní gá gach gné den inneachar a mheasúnú agus measúnú á dhéanamh ar an aonad. Táthar ag súil go gcuirfidh foghlaimeoirí an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a fuair siad le linn na foghlama i bhfeidhm ar shainphointí chomhthéacs an mheasúnaithe.

I gcuid de na torthaí foghlama, tugtar inneachar an aonaid mar eiseamláir (m.sh.). Ní bhaintear úsáid as seo ach mar shamplaí den inneachar agus is féidir le foghlaimeoirí úsáid a bhaint as cibé samplaí a theagasctar dóibh ina measúnuithe suimitheacha.

Níl aon inneachar sonraithe do chuid de na critéir mheasúnaithe. Is féidir le lárionaid cinneadh a dhéanamh ar an ábhar atá le foghlaim bunaithe ar thosca áitiúla.

**Bandaí feidhmíochta**

Baintear úsáid astu seo le grád suimitheach an aonaid a chinneadh. **Ní** chuireann bandaí feidhmíochta riachtanais bhreise leis na critéir mheasúnaithe. Úsáidtear bandaí feidhmíochta leis an ghrád d'aonad a chinneadh.

**Measúnú**

Déantar Teastais Fheidhmeacha a mheasúnú trí mheasúnú inmheánach rialaithe nó trí mheasúnú seachtrach. An chuid seo den aonad, déanann sí achoimre ar na riachtanais feidhmíochta.

**Treoir leis na haonaid a sheachadadh**

Tugann seo roinnt smaointe don teagascóir ar an dóigh leis na haonaid a chur ar fáil i suíomh gairme de réir fhealsúnacht na cáilíochta agus chuspóir an aonaid. Cuirtear ar a laghad trí chomhthéacs shamplacha ar fáil do gach aonad. Chomh maith leis sin tugann an treoir smaointe maidir le suíomhanna gairme don aonad agus luann teagmhálacha féideartha ar féidir iad a dhéanamh agus an fhoghlaim á seachadadh.

**Acmhainní**

Sainaithníonn seo acmhainní úsáideacha le cuidiú agus an fhoghlaim á seachadadh. Tá cuid mhór de na hacmhainní atá liostaithe fóirsteanach le húsáid le foghlaimeoirí.

## 2.2. Aonad 1

| | |
|---|---|
| **Teideal aonaid** | An Eagraíocht: Maireachtáil agus Rathúnas |
| **UFT** | 90 |

| **Aidhm** |
|---|
| Is é aidhm an aonaid seo go dtuigfidh foghlaimeoirí agus go mbeidh meas acu ar na dóigheanna a mbíonn eagraíochtaí difriúla ag iarraidh na spriocanna ríthábhachtacha a bhaint amach de mhaireachtáil agus a bheith rathúil ina staid sa mhargadh. |

**Forléargas**

Is iomaí cineál agus méid eagraíochta atá ann, agus bíonn siad ann ar réimse cúiseanna. Cén cineál eagraíochtaí atá ann sa gheilleagar againn? Cad é mar atá siad difriúil óna chéile? Cad chuige a gcaithfidh siad a bheith difriúil?

Ní mór fosta gach eagraíocht a eagrú agus a mhaoiniú, agus le feidhmiú go héifeachtach, ní mór struchtúr inmheánach cuí, córais mhaithe chumarsáide, agus fostaithe iontaofa a bheith acu. Cad é mar a eagraítear iad? Cad é mar a mhaoinítear iad? Cad é mar a dhéanann siad cumarsáid, idir chumarsáid inmheánach agus chumarsáid leis an tsaol mhór? Cad é mar a earcaíonn siad agus a choinníonn siad baill foirne éifeachtacha?

Tá a fhios againn gur daoine a chruthaíonn agus a rialaíonn eagraíochtaí agus gur daoine a n-úinéirí. Is iomaí fáth a mbíonn daoine ag cur eagraíochtaí ar bun: mar shampla, cuirtear cuid acu ar bun le brabús a dhéanamh ionas gur féidir leis na húinéirí teacht i dtír orthu, agus cruthaítear cuid eile d'fhonn seirbhís a chur ar fáil amhail sláinte nó cosaint, seirbhísí a théann chun sochair don phobal i gcoitinne.

Cé go bhfuil an-éagsúlacht eatarthu i dtéarmaí tosca ar nós méid, suímh agus eagair, beidh gach eagraíocht ag socrú spriocanna a mheasann siad a chuideoidh leo coinneáil orthu ag feidhmiú. Cé go socraíonn eagraíochtaí aonair spriocanna dóibh féin, bíonn dhá sprioc ríthábhachtacha acu uilig a gcaithfidh siad a chur i gcrích, spriocanna a dtig le gach duine againn iad a thuiscint: an chéad cheann ná teacht slán ina dtimpeallacht, agus an dara ceann ná bheith rathúil ina dtimpeallacht.

Is iad an t-eolas ar an réimse leathan eagraíochtaí i ngeilleagar an RA agus na fáthanna a bhfuil siad difriúil agus na fáthanna a bhfuil siad ann sa chéad áit, is iad sin an bhonnsraith le staidéar a dhéanamh ar shaol an ghnó agus le tuiscint a fháil air.

Faoi dheireadh an aonaid seo, beidh eolas agat ar éagsúlacht leathan na n-eagraíochtaí i ngeilleagar an RA, na fáthanna a bhfuil siad ann, an dóigh a bhfeidhmíonn siad, agus beidh tú in ann a thuiscint na tosca is tábhachtaí a chuidíonn leis na heagraíochtaí seo maireachtáil agus rathúnas a bhaint amach sa gheilleagar.

| **Forbairt Scileanna** |
|---|
| Tá sé beartaithe go nginfidh staidéar an aonaid seo deiseanna le scileanna a fhorbairt.<br><br>Tá samplaí de dheiseanna dá leithéid breactha anseo.<br><br>**Litearthacht Dhigiteach agus Litearthacht agus Uimhearthacht**: agus taighde gréasánbhunaithe á dhéanamh ar eagraíochtaí atá ann cheana féin agus cleachtaí foirmitheacha saincheaptha á gcur i gcrích.<br><br>**Pleanáil agus Eagrú**: agus scrúdú á dhéanamh ar an dóigh a mbíonn eagraíochtaí ag cur lena luach trí phleanáil a dhéanamh.<br><br>**Cruthaitheacht agus nuálaíocht**: agus machnamh á dhéanamh ar ghníomhaíocht fiontraíochta.<br><br>**Pleanáil agus eagrú pearsanta agus éifeachtacht phearsanta**: is féidir iad seo a fhorbairt le cuidiú le daltaí agus iad ag ullmhú le haghaidh mheasúnú an aonaid. |

**Torthaí foghlama, critéir mheasúnaithe agus inneachar teagasctha**

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| **TF1** Na tionchair ar an dóigh a bhfeidhmíonn eagraíochtaí taobh istigh dá dtimpeallacht a thuiscint | **CM1.1** Cur síos a dhéanamh ar na **príomhearnálacha agus príomhrangúcháin** de gheilleagar an RA | **Earnálacha/rangúcháin de gheilleagar an RA**<br>Earnálacha agus rangúcháin de réir:<br>• gníomhaíocht – príomhúil (talmhaíocht agus eastóscadh), tánaisteach (tógáil, monarú íseal-meánteicneolaíochta, monarú meán-ardteicneolaíochta), treasach (mórdhíol agus miondíol, iompar agus stóráil), ceathartha/cúignártha (faisnéis agus cumarsáid, riarachán agus tacaíocht, ealaíonta agus siamsaíocht, airgeadas agus árachas, seirbhísí daonna eile)<br>• úinéireacht - poiblí (cosaint, oideachas, sláinte/sóisialta, rudaí nach iad), gnó/príobháideach, deonach/sóisialta<br>• stádas dlí - trádálaithe aonair, páirtíochtaí, comhlachtaí teoranta, comharchumainn, saincheadúnais, an earnáil phoiblí<br>• suíomh/minicíocht - áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, domhanda. | Bheith eolach ar na dóigheanna difriúla le heagraíochtaí a rangú.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar na príomhghnéithe atá ag baint le heagraíochtaí i ngach earnáil nó rangúchán.<br><br>Bheith ábalta, nuair a thugtar eolas ábhartha dóibh, eagraíocht áirithe a rangú i dtéarmaí a<br><br>• gníomhaíochta/gníomhaíochtaí<br>• úinéireachta<br>• stádais dlí<br>• suímh |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **CM1.2** anailís a dhéanamh ar an ghaolmhaireacht idir **eagraíochtaí agus a bpáirtithe leasmhara** | **Eagraíochtaí agus a bpáirtithe leasmhara**<br>• Cineálacha páirtithe leasmhara (inmheánach agus seachtrach)<br>• Na fáthanna a bhfuil eagraíochtaí ann – le freastal ar chuspóirí na bpáirtithe leasmhara seo, m.sh. le brabús a dhéanamh, lena gcuid ball a chumasú, le seirbhís a chur ar fáil do dhaoine/don tsochaí<br>• Raon na gcuspóirí a bhíonn ag páirtithe leasmhara agus an choimhlint fhéideartha – m.sh. brabús ard nó tuarastal ard; brabús gearrthéarmach nó méadú fadtéarmach | Tuiscint a bheith ann ar an dóigh a dtig le páirtithe leasmhara tionchair éagsúla a imirt ar eagraíocht agus bheith ag dúil le rudaí difriúla uaithi.<br><br>Bheith ábalta anailís a dhéanamh ar na coimhlintí féideartha a dtiocfadh leo dul i bhfeidhm ar mhaireachtáil agus/nó rathúnas eagraíochta, a bhíonn ann mar gheall ar na spriocanna difriúla atá ag páirtithe leasmhara difriúla. |
| | **CM1.3** Míniú a thabhairt ar an ghaolmhaireacht idir an **úinéireacht, an rialú agus an maoiniú** atá ag eagraíocht | **Úinéireacht, rialú agus maoiniú**<br>• Na himpleachtaí atá ag baint le stádas dlíthiúil agus úinéireacht dhifriúil do rialú eagraíochta<br>• An scaradh idir úinéireacht agus rialú<br>• Na himpleachtaí atá ag baint le stádas dlíthiúil agus úinéireacht dhifriúil do mhaoiniú eagraíochta – an cumas maoiniú a thógáil, foinsí atá ar fáil<br>• Eochairghnéithe na bhfoinsí maoinithe agus a bhfóirsteanacht i staideanna difriúla | Tuiscint a bheith ann ar an dóigh a dtig le stádas dlí agus úinéireacht eagraíochta tionchar a imirt ar an dóigh a rialaítear agus a maoinítear í.<br><br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt den dóigh a mbíonn eagraíochtaí ag feidhmiú i dtéarmaí a n-úinéireachta, a rialaithe agus a maoinithe.<br><br>Bheith ábalta, nuair a thugtar comhthéacsanna sainiúla eagraíochtúla dóibh, samplaí cuí a mholadh agus a mhíniú de na rudaí seo:<br>• foinsí inmheánacha agus seachtracha maoinithe<br>• foinsí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha maoinithe. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **CM1.4** Plé a dhéanamh ar thábhacht agus ar thionchar an fhiontair i gcomhthéacsanna eagraíochtúla | **Fiontar**<br>• Fiontar sa gheilleagar - ciall an fhocail 'fiontar' agus nádúr agus ábharthacht na gníomhaíochta fiontraíochta<br>• Na príomhscileanna agus tréithe atá ag baint le fiontraithe – m.sh. deiseanna gnó a shainaithint, a bheith muiníneach dul sa tseans/deiseanna a thapú, féinmhuinín agus inspreagadh, an cumas daoine eile a spreagadh, foirne a chruthú go héifeachtach nó bheith ag obair le héifeachtach le foirne<br>• Nádúr na nuálaíochta agus a ghaolmhaireacht le gníomhaíocht fiontraíochta | Tuiscint a bheith ann ar eochairghnéithe an 'fhiontair' agus na 'nuálaíochta' i gcomhthéacs gnó.<br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt de ghníomhaíocht fiontraíochta agus nuálaíochta agus cur síos a dhéanamh uirthi ar<br>• bhonn áitiúil/réigiúnach<br>• bhonn náisiúnta<br>• bhonn domhanda |
| | **AC1.5** Anailís a dhéanamh ar an dóigh a n-imríonn misean, aidhmeanna agus cuspóirí eagraíochta tionchar ar a gníomhaíochtaí | **Misean, aidhmeanna agus cuspóirí**<br>• Nádúr na ráiteas misin, na n-aidhmeanna gnó agus na cuspóirí gnó agus an t-idirdhealú eatarthu.<br>• Tionchar chineál na heagraíochta (m.sh. méid, ar son brabúis nó neamhbhrabúis) agus ghníomhaíocht na bpáirtithe leasmhara (m.sh. mian le teacht slán, uasmhéadú nó optamú brabúis, fás agus sciar den mhargadh) ar an dóigh agus ar an fháth a bhfuil ráitis mhisin, aidhmeanna agus cuspóirí chomh difriúil sin ó eagraíocht go heagraíocht.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear spriocanna eagraíochtúla i gcrích – m.sh. go cáilíochtúil trí shuirbhéanna páirtithe leasmhara, go cainníochtúil trí chomparáid ar iarbhír in aghaidh sprice. | Tuiscint a bheith ann ar nádúr, cuspóir agus éagsúlacht na ráiteas misin, na n-aidhmeanna gnó agus na cuspóirí SMART.<br>Bheith ábalta anailís a dhéanamh ar an chomhghaol idir nádúr/cineál eagraíochta agus na spriocanna a leagadh síos di.<br>Bheith ábalta a mhíniú an dóigh a n-athróidh spriocanna eagraíochtúla thar am de réir mar a bhogann sé ó mhaireachtáil go rathúnas.<br>Bheith ábalta, nuair a thugtar faisnéis dóibh faoi fheidhmíocht eagraíochtúil, dóigheanna cuí a mholadh agus a chosaint le monatóireacht a dhéanamh ar an fheidhmíocht seo. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **CM1.6** Luach na **pleanála gnó** d'eagraíochtaí a mhíniú | **Pleanáil ghnó**<br>• Nádúr, inneachar agus foinsí faisnéise do phlean gnó/do phleanáil eagraíochtúil.<br>• An ghaolmhaireacht idir pleanáil agus spriocanna eagraíochtúla.<br>• Ábharthacht na pleanála d'fhiontraithe/do pháirtithe leasmhara eile maidir le hacmhainní a fháil.<br>• Ról na pleanála gnó le monatóiriú a dhéanamh ar fheidhmíocht ghnó. | Tuiscint a bheith ann ar nádúr, cuspóir agus éagsúlacht na pleanála gnó i gcomhthéacsanna daonna, airgeadais, fisiceacha agus faisnéise.<br>Bheith ábalta, nuair a thugtar faisnéis áirithe dóibh faoi eagraíochtaí difriúla, cuir chuige chuí i leith na pleanála a mholadh.<br>Bheith ábalta míniú a thabhairt ar an dóigh a gcuidíonn an phleanáil le feidhmíocht acmhainní (daonna, airgeadais, faisnéise, fisiceacha) le cuidiú le heagraíocht a spriocanna de mhaireachtáil nó de rathúnas a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **CM1.7** Luacháil a dhéanamh ar thionchair éagsúla na n-eagraíochtaí ar a **dtimpeallacht sheachtrach** | **An timpeallacht sheachtrach**<br>• An dóigh a dtéann tionchair sheachtracha i bhfeidhm ar eagraíochtaí agus a bhfreagairtí orthu, m.sh.:<br>- tosca eacnamaíocha áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail leibhéil ioncam atá ag athrú, dálaí margaidh/iomaíocht reatha<br>- mórcheisteanna timpeallachta ar nós rialú ar thruailliú, diúscairt shábháilte dramhaíola<br>- cúiseanna imní sóisialta agus eiticiúla atá ag páirtithe leasmhara ar nós an t-éileamh méadaitheach ar bhia veigeatórach, feachtais leis an méid bia a chuirtear amú a laghdú, dearcthaí ar chaitheamh tobac<br>- sriantachtaí dlíthiúla agus féinrialaithe amhail dlíthe um chosaint an tomhaltóra, rialacháin sláinte agus sábháilteachta.<br>- forbairtí teicneolaíochta amhail físchomhdháil, modhanna cumarsáide gan sreang<br>• Tionchar na dtosca seo ar chumas eagraíochtaí a sprioc a bhaint amach. | Bheith eolach ar na tosca seo den chineál ar a dtugtar PESTEL (Polaitiúil, Eacnamaíoch, Sóisialta, Teicneolaíoch, Timpeallachta agus Dlíthiúil):<br>• polaitiúil<br>• eacnamaíoch (anailís thionsclaíoch san áireamh)<br>• sóisialta (déimeagrafaic san áireamh)<br>• teicniúil<br>• timpeallacht (éiceolaíoch san áireamh)<br>• dlíthiúil<br>• eiticiúil<br>• domhanda/idirnáisiúnta.<br>Bheith ábalta, nuair a thugtar faisnéis dóibh faoi eagraíochtaí, na héifeachtaí atá ag tionchair bainteach le PESTEL ar na heagraíochtaí seo.<br>Bheith ábalta luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht freagairtí eagraíochta ar na tionchair sin le cuidiú leo a spriocanna le maireachtáil agus/nó le rathúnas a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| **TF2** An dóigh a bhfeidhmíonn eagraíochtaí go hinmheánach a thuiscint | **CM2.1** Cuir síos ar chineálacha agus ar róil na **bpríomhfheidhmeanna eagraíochtúla agus na bpríomhstruchtúr** | **Feidhmeanna eagraíochtúla agus struchtúir**<br>• Réimsí feidhme traidisiúnta agus a gcuid ról:<br>- táirgeadh<br>- margaíocht/díol<br>- ceannach<br>- airgeadas<br>- acmhainní daonna<br>- riarachán<br>- TFC/cumarsáid<br>- trádstóráil/dáileadh<br>- seirbhís do chustaiméirí<br>- taighde agus forbairt<br>• Idirghaolmhaireachtaí na réimsí feidhme<br>• Modhanna ordlathacha bunaithe ar fheidhm agus bealaí eile le heagraíochtaí a struchtúrú– m.sh. líne agus foireann, táirge/maitrís, geografaíocht/margadh, hibrideach (m.sh. feidhmeach agus geografach), ard nó cothrom<br>• Na príomhróil agus príomhfhreagrachtaí cineálacha agus feidhmeacha<br>• Obair agus foirne a struchtúrú de réir feidhme nó de réir taisc/tionscadail le spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach. | Tuiscint a bheith ann ar na bealaí traidisiúnta (feidhmeacha) agus neamhthraidisiúnta inar féidir eagraíochtaí a struchtúrú.<br>Bheith eolach ar róil na réimsí feidhme agus ar an dóigh a gcuidíonn siad, ina n-aonair agus le chéile, le cuspóirí eagraíochtúla a chur i gcrích.<br>Bheith eolach ar na príomhróil agus ar na príomhfhreagrachtaí eagraíochtúla:<br>• úinéir<br>• stiúrthóir<br>• bainisteoir<br>• maoirseoir<br>• fostaí.<br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt de struchtúir ar ghlac eagraíochtaí ar leith leo.<br>Tuiscint a bheith ann ar an dóigh a gcuidíonn an éifeachtúlacht atá ag struchtúr eagraíochta (ar a n-áirítear an dóigh a mbíonn acmhainní daonna struchtúrtha) lena spriocanna le maireachtáil agus/nó le rathúnas a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **CM2.2** Tábhacht na **n-acmhainní** d'eagraíochtaí a mhíniú | **Acmhainní**<br>• Acmhainní eagraíochtúla a chatagóiriú<br>• Riachtanais acmhainní d'eagraíochtaí éagsúla<br>• Ról na n-acmhainní le spriocanna eagraíochtúla a chur i gcrích | Bheith eolach ar na hacmhainní éagsúla eagraíochtúla a chuimsíonn acmhainní daonna, airgeadais, fisiceacha agus faisnéiseacha.<br>Tuiscint a bheith ann ar an dóigh agus ar an fháth a athraíonn riachtanais acmhainní ó eagraíocht go heagraíocht.<br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt d'acmhainní atá in úsáid ag eagraíochtaí ar leith.<br>Bheith ábalta luacháil a dhéanamh ar an dóigh a gcuidíonn acmhainní le heagraíocht a spriocanna le maireachtáil agus/nó le rathúnas a bhaint amach. |
| | **AC2.3** Mínigh an ról agus an tábhacht le **tionscnaimh cháilíochta** in eagraíochtaí | **Tionscnaimh cháilíochta**<br>• Freastal ar ionchais custaiméirí trí thionscnaimh cháilíochta in eagraíochtaí:<br>- BLC *(TQM)*<br>- dearbhú cáilíochta<br>- rialú cáilíochta<br>- innealtóireacht cháilíochta<br>- ciorcail Cháilíochta<br>- feabhas leanúnach/Kaizen<br>- gan lochtanna ar bith<br>- tionscnaimh sheirbhíse do chustaiméirí<br>• Cáilíocht a athbhreithniú | Bheith eolach ar na cineálacha éagsúla de thionscnaimh cháilíochta a nglacann eagraíochtaí leo.<br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt de thionscnaimh cháilíochta atá in úsáid ag eagraíochtaí ar leith.<br>Bheith ábalta, nuair a thugtar faisnéis dóibh faoi eagraíochtaí, tionscnaimh chuí cháilíochta a mholadh agus a chosaint a chuideodh le maireachtáil agus/nó rathúnas eagraíochta.<br>Tuiscint a bheith ann ar an tábhacht le cáilíocht a athbhreithniú agus monatóiriú á dhéanamh ar fheidhmíocht ghnó. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **AC2.4** Nádúr agus éifeachtúlacht **faisnéise agus cumarsáide** a anailísiú | **Faisnéis agus cumarsáid**<br>• Córais faisnéise –<br>- róil: faisnéis a ghlacadh, a stóráil, a phróiseáil agus a tharchur<br>- nádúr/úsáidí<br>• Modhanna/meáin chumarsáide:<br>- béil, scríofa, neamhbhriathartha, pictiúrtha/grafach<br>- leictreonach, neamhleictreonach<br>• Critéir do rogha modha/meán<br>- cruinneas<br>- costas<br>- luas/tráthúlacht<br>- cineál inneachair<br>- stádas agus saineolas an fhaighteora<br>- slándáil/rúndacht<br>- tacaíocht/trealamh ar fáil<br>• Cumarsáid agus struchtúr<br>• Slándáil chumarsáide agus reachtaíocht<br>- mí-úsáid ríomhaire<br>- cóipcheart<br>- cosaint sonraí<br>- saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta<br>- cosaint in aghaidh gníomhaithe seachtracha<br>• Éifeachtúlacht cumarsáide a mheas:<br>- Teachtaireacht<br>- Measartha<br>- Sothuigtheacht<br>- freagairt a fháil<br>- oiriúnacht/luas freagartha | Bheith eolach ar ról na gcóras leictreonach agus neamhleictreonach.<br>Tuiscint a bheith ann ar nádúr agus ar úsáidí na modhanna cumarsáide:<br>• leictreonach agus neamhleictreonach<br>• inmheánach (cothrománach agus ingearach) agus seachtrach<br>• comhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla<br>Bheith ábalta critéir roghnaithe a chur i bhfeidhm agus na modhanna/na meáin seo a úsáid.<br>Bheith eolach ar an dóigh a ndéanann feidhmeanna nó struchtúir eile inmheánacha cumarsáid le chéile.<br>Tuiscint a bheith ann ar thionchar an struchtúir (feidhmeach/eile) d'eagraíocht ar a córais faisnéise agus a modhanna/meáin chumarsáide.<br>Bheith eolach ar an dóigh a mbíonn tionchar ag tosca slándála agus dlíthiúla ar nádúr agus úsáid na faisnéise atá á cur in iúl.<br>Bheith ábalta luacháil a dhéanamh ar éifeachtacht cumarsáide gnó le cuidiú le heagraíocht a spriocanna le maireachtáil agus/nó le rathúnas a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **AC2.5 A luacháil cé chomh fada agus a thacaíonn soláthar TFC gníomhaíochtaí eagraíochtúla** | **TFC agus eagraíochtaí**<br>• Bogearraí gnó cineálacha<br>• Eagraíochtaí agus an t-idirlíon<br>• Buntáistí agus míbhuntáistí an TFC do:<br>- an eagraíocht<br>- diomailt laghdaithe, spáráil spáis, táirgiúlacht mhéadaithe, cumarsáid níos fearr (caighdeán, luas, inrochtaineacht), tacaíocht do chinntí<br>- ach caipiteal agus costais reatha, fadhbanna mar gheall ar chliseadh, an gá le seirbhísiú, dífheidhmeacht, an gá le hoiliúint, sláinte agus sábháilteacht<br>- an fostaí –<br>- rochtain níos fearr ar fhaisnéis, cumarsáid níos fearr (caighdeán, luas, inrochtaineacht), ábalta a bheith ag obair ón bhaile<br>- ach mícheanúlacht/fóibe, teagmháil dhaonna laghdaithe, easpa eolais/gan a bheith ábalta é a úsáid, cúrsaí sláinte agus sábháilteachta | Bheith eolach ar na feidhmeanna agus ar na húsáidí eagraíochtúla de réimse uirlisí leictreonacha gnó.<br>• próiseáil focal<br>• bunachar sonraí/leabhar nótaí digiteach<br>• córais do bhainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí (*CRM*)<br>• íocaíochtaí gan tadhall<br>• scarbhileog<br>• bogearraí láithreoireachta<br>• bogearraí airgeadais<br>• réamhaisnéis staitistiúil<br>• bogearraí aistriúcháin<br>• ríomhchumarsáidí/meáin shóisialta.<br>Tuiscint a bheith ann ar an dóigh agus ar an fháth a n-úsáideann eagraíochtaí an t-idirlíon.<br>Tuiscint a bheith ann ar éifeachtaí soláthar TFC ar an eagraíocht agus ar an fhostaí féin.<br>Bheith ábalta luacháil a dhéanamh ar cé chomh mór atá TFC ina chuidiú ag eagraíocht lena a spriocanna le maireachtáil agus/nó le rathúnas a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| **TF3 An méid a dhéanann fórsa saothair éifeachtúil i dtreo spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach a thuiscint** | **AC3.1 Mínigh an tábhacht d'eagraíochtaí daoine fóirsteanacha a fhostú** | **Daoine a fhostú**<br>• Tréithe fostaithe éifeachtacha: m.sh.<br>- poncúlacht<br>- béasaíocht<br>- macántacht<br>- cumas/toilteanas le hoibriú i bhfoireann<br>- easpa claontachta<br>- úsáid tionscnaíochta<br>• Nósanna imeachta earcaíochta/roghnúcháin atá in úsáid ag eagraíochtaí - an folúntas poist a shainaithint, doiciméadú earcaíochta a chruthú (sonraí poist, sonraíocht faoin phearsa, CVanna, foirm iarratais), fógraíocht phoist a reáchtáil, iarratais a láimhseáil, gearrliostú<br>• Dóigheanna le hiarrthóirí a chur faoi agallamh – m.sh. foirmeálta/neamhfhoirmeálta, ina aonar/i ngrúpa, painéal, teileafón, ilchéim, úsáid tástálacha (tástáil shíciméadrach agus triail mhianaigh)<br>• Agallóireacht éifeachtach: m.sh. ceisteanna oscailte agus druidte a phleanáil, freagraí cuí a thabhairt, cumarsáid neamhbhriathartha cuí a úsáid<br>• Éifeachtúlacht an phróisis earcaíochta a mheas | Tuiscint a bheith ann ar na rudaí a mbíonn fostóirí ag santú ina gcuid fostaithe agus ar thábhacht choibhneasta na gnéithe seo le róil phoist éagsúla a dhéanamh go héifeachtúil.<br><br>Bheith eolach ar na comhchosúlachtaí agus na difríochtaí idir na nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin atá in úsáid ag eagraíochtaí éagsúla agus ag an eagraíocht chéanna i gcásanna éagsúla.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar thionchair comhionannas deiseanna agus cleachtais ilchineálachta tríd an fhostaí a chosaint agus leithcheal a sheachaint atá bunaithe ar chine/eitneacht, dath, náisiúntacht, creideamh, míchumas, claonadh inscne/gnéis, aois, mar aon le tionchair eile (de chineál PESTEL).<br><br>Bheith eolach ar na dóigheanna éagsúla le hiarrthóirí a chur faoi agallamh, agus ar na príomhghnéithe d'agallamh éifeachtach.<br><br>Bheith ábalta míniú a thabhairt ar an tábhacht le hearcú éifeachtach, roghnú agus coinneáil fostaithe le spriocanna eagraíochtúla le maireachtáil agus/nó le rathúnas a bhaint amach. |

| Toradh foghlama | Critéir mheasúnaithe | Inneachar teagasctha | Eiseamláiriú |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **CM3.2** An tábhacht le **hoiliúint agus le forbairt** na bhfostaithe a mhíniú | **Daoine a oiliúint agus a fhorbairt**<br>• Cineálacha scéimeanna oiliúna agus forbartha:<br>- ionduchtú<br>- ar an láthair oibre<br>- ar shiúl ón láthair oibre (i roinn oiliúna dá cuid féin nó ar chúrsa seachtrach<br>- meantóireacht<br>• Creidiúnú oiliúna – tairbhe don ghnó agus don oiliúnaí<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar oiliúint agus forbairt san áit oibre | Tuiscint a bheith ann ar an dóigh a athraíonn deiseanna ó eagraíocht go heagraíocht agus ó thionscal go tionscal.<br>Tuiscint a bheith ann ar an dóigh a mbaineann an cineál nó an oiriúnacht de scéim oiliúna nó de scéim forbartha le ról/freagrachtaí poist an duine aonair.<br>Bheith ábalta an bhaint atá ag oiliúint agus forbairt éifeachtach le spriocanna pearsanta agus eagraíochtúla a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **CM3.3** Luacháil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na ndóigheanna inar féidir fostaithe **a spreagadh** | **Daoine a spreagadh**<br>• Príomh-mhodhanna a úsáidtear le fostaithe a spreagadh.<br>- spreagadh airgeadais (m.sh. tuarastal/pá, bónas, coimisiún, brabús a roinnt, scair-rogha)<br>- spreagadh neamhairgid (m.sh. peorcaisí agus comharthaí stádais)<br>- spriocanna a shocrú agus measúnú/athbhreithniú feidhmíochta<br>- nósanna imeachta smachta agus casaoide<br>• Ábharthacht obair na dteoiricithe inspreagtha is tábhachtaí le spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach:<br>- Mayo<br>- Maslow<br>- Herzberg<br>- McClelland<br>- McGregor | Bheith eolach ar na modhanna a úsáidtear le fostaithe a spreagadh agus tuiscint a bheith ann ar an dóigh agus ar an fháth a athraíonn na modhanna seo ó eagraíocht go heagraíocht/ó thionscal go tionscal.<br><br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt de mhodhanna spreagúla atá in úsáid ag eagraíochtaí ar leith.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar na saothair a bhaineann le spreagadh de chuid na dteoiriceoirí sa liosta.<br><br>Bheith ábalta, nuair a thugtar faisnéis dóibh faoi eagraíochtaí, luacháil a dhéanamh ar cé chomh mór a chuireann saothar na dteoiricithe spreagtha bonn eolais faoi obair a gcuid fostaithe agus a chuidíonn leo a spriocanna le maireachtáil agus/nó le rathúnas a bhaint amach. |

**Achoimre ar mheasúnú**

Déantar measúnú seachtrach ar an aonad seo. Beidh an measúnú seachtrach seo i Mí Mheithimh gach bliain. Tá sonraíocht an mheasúnaithe sheachtraigh mar a leanas:

*Fad ama:* 2 uair an chloig

*Líon na marcanna:* 100

*Grádú:* A – E

*Ualaithe na dTorthaí Foghlama:*

| Cineálach do gach Bealach | TF1 | TF2 | TF3 |
|---|---|---|---|
| % | 35% – 45% | 35% - 45% | 15% - 30% |
| Marc | 35 – 45 | 35 – 45 | 15 – 30 |

*Formáid*: Ceisteanna le freagra gairid agus ceisteanna le freagra sínte bunaithe ar chomhthéacsanna tugtha.

**Treoir leis na haonaid a sheachadadh**

Le nádúr an ghnó a thuiscint agus le go mbeidh meas ag iarrthóirí air, ní mór do lárionaid a chinntiú nach ar mhaithe leo féin amháin a dhéantar coincheapa, teoiricí agus inneachair éagsúla an aonaid seo a sheachadadh. Leis an tsonraíocht seo a sheachadadh, ba chóir go mbeadh taithí ghníomhach ag foghlaimeoirí i dtimpeallacht an ghnó, ag caitheamh leis na coincheapa, na dteoiricí agus na n-inneachar mar bhunsraith phraiticiúil le saol praiticiúil an ghnó lena bhfuil siad ag dul i dteagmháil a fhiosrú.

***An teagasc a dhéanamh ábhartha ó thaobh gairme de***

Is den tábhacht go dtuigfeadh foghlaimeoirí go bhfuil an t-eolas agus tuiscint a fhorbraíonn siad ábhartha ó thaobh gairme de. Tá roinnt dóigheanna ar féidir seo a chur i gcrích.

**Sampla 1**

Is féidir cuairteanna a eagrú chuig ionaid oibre ar a bhfuil aithne acu – scoil nó coláiste nó eagraíocht amhail ionad díola mar shampla – le machnamh a dhéanamh ar an struchtúr atá ar an ionad oibre, ar na hacmhainní atá de dhíth air agus atá in úsáid, agus ar na modhanna/na meáin chumarsáide a úsáidtear.

**Sampla 2**

Is féidir cainteanna le haoichainteoirí gnó a reáchtáil; mar shampla, d'fhéadfadh bainisteoir siopa áitiúil labhairt ar an dóigh a spreagtar an fhoireann nó an ghaolmhaireacht eagraíochtúil idir an t-ionad díola agus an cheannoifig aige a phlé.

**Sampla 3**

Is féidir gníomhaíochtaí praiticiúla dírithe ar chás obairbhunaithe a dhéanamh, leithéidí ceistneoir a dhearadh le himscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a gcaithfidh/a raibh ar eagraíocht athrú le déileáil le himeacht an RA ón Aontas Eorpach, nó cé chomh fada agus a úsáideann a fostaithe TFC agus cad é an leas a bhaineann siad as.

**Sampla 4**

Is féidir cás-staidéir nó cáschuntais a úsáid: mar shampla, staidéar a dhéanamh ar cháschuntas faoin dóigh a spreagann eagraíocht a cuid fostaithe.

**Sampla 5**

Is féidir taithí oibre agus naisc eile le fostóirí áitiúla a chur ar bun le taithí ábhartha gairmiúla a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí.

***Teagmhálacha a dhéanamh***

I measc samplaí d'eagraíochtaí arbh fhéidir dul i dteagmháil leo le cuidiú leat, tá:

- mórshreanga ollmhargaidh
- eagraíochtaí deonacha
- cumainn spóirt

**Acmhainní**

Beidh timpeallacht gnó áitiúil an fhoghlaimeora ina háis thábhachtach. Beidh mioneolas ar theoiric ghnó de dhíth ar fhoghlaimeoirí agus beidh téacsleabhair agus áiseanna gréasánbhunaithe luachmhar.

*Leabhair/pacaí acmhainní/áiseanna eile*

Seo roinnt samplaí:

Nótaí do staidéar gnó A-leibhéal WJEC

Cuirfidh suíomhanna gréasáin a bhaineann le gnó agus le hoideachas gnó faisnéis ábhartha ar fáil. Ina measc siúd, tá:

The BBC: http://www.bbc.co.uk/news/business

Business in the Community: http://www.bitc.org.uk/

Business Week: http://www.bloomberg.com/businessweek

Times100: https://www.tes.com/member/The%20Times%20100

Bíonn ailt chuí a bhaineann le cúrsaí gnó le fáil sna nuachtáin mhórbhileoige ar nós *The Guardian*, *The Telegraph* agus *Financial Times*, agus ríomhirisí amhail The Economist.

Is féidir treoir bhreise a fháil sa doiciméad Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) atá ag dul leis an cháilíocht seo.

## 2.3. Aonad 2

| | |
|---|---|
| **Teideal aonaid** | Margaíocht Ghníomhach |
| **UFT** | 90 |

| **Aidhm** |
|---|
| Is é aidhm an aonaid seo go dtuigfidh foghlaimeoirí agus go mbeidh meas acu ar phríomhról na margaíochta i rath na heagraíochta. |

**Forléargas**

In Aonad 1, teagascadh dúinn go bhfuil a lán cineálacha éagsúla d'eagraíochtaí ann. Bíonn siad difriúil óna chéile i dtaca lena méid, leis an áit a bhfuil siad lonnaithe, leis an táirge nó leis an tseirbhís a chuireann siad ar fáil, agus mar sin de. Tá sé feicthe againn fosta go bhfuil a lán gnéithe i gcoiteann ag eagraíochtaí: mar shampla, beidh struchtúr inmheánach acu, beidh siad ag feidhmiú trí chumarsáid inmheánach agus seachtrach a úsáid, agus ag brath ar dhuine amháin ar a laghad ionas do dtig leo feidhmiú sa gheilleagar – sa mhargadh acu.
Tá a lán cineálacha éagsúla margaí ann: thug muid uilig cuairt ar fhoirgnimh margaidh i mbailte agus i gcathracha nó rinne muid siopadóireacht i margadh sráide, ach tá a lán cineálacha eile margaí in úsáid ag eagraíochtaí, amhail an margadh domhanda do charranna ina mbíonn comhlachtaí mar Toyota agus VW ag obair.

Bíonn claonadh ag eagraíochtaí cuid de na feidhmeanna, ar tugadh breac-chuntas orthu sa chéad aonad, a roinnt. Ar cheann de na feidhmeanna seo tá an mhargaíocht. Go bunúsach, cuirtear eagraíocht ar bun le táirgí agus/nó seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine. Den chuid is mó, bíonn eagraíocht in iomaíocht le heagraíochtaí eile sa mhargadh, agus le maireachtáil agus le bheith rathúil sa deireadh, caithfidh suim agus fiúntas a bheith agam agus agat ina cuid táirgí.

Ar dtús, áfach, caithfidh go gcuirtear ar an eolas muid faoi na táirgí seo. Leis seo a dhéanamh, cuirfidh eagraíocht a táirge chun cinn, trí mheáin a bhfuil muid cleachta leo in amanna a úsáid amhail teilifís. Dualgas eile atá ar an eagraíocht ná an táirge a fháil chugainn: ní fiú a insint dúinn faoi bhuanna an táirge mura bhfuil muid ábalta é a cheannach – agus, ar ndóigh, ní mór don táirge a bheith ag an phraghas cheart le go mbeadh suim againn ann.

Ach cad mar a bhíonn a fhios ag eagraíocht faoin rud is mian linn? Caithfidh sí ceisteanna a chur: i bhfocail eile, ní mór di taighde margaidh de chineál éigin a dhéanamh.

Le tuiscint bhreise a fháil ar chúrsaí gnó, caithfidh muid, mar sin, staidéar a dhéanamh ar an fheidhm mhargaíochta. Ag deireadh an aonaid seo beidh eolas agus tuiscint agat ar réimse agus ar nádúr na margaí, ar tábhacht le taighde margaidh agus ar an dóigh a gcaithfidh eagraíochtaí a gcuid gníomhaíochtaí margaíochta a phleanáil tríd an 'mheascadh margaíochta' acu a oibriú amach.

| **Forbairt Scileanna** |
|---|
| Tá sé beartaithe go nginfidh staidéar an aonaid seo deiseanna le scileanna a fhorbairt.<br><br>Tá samplaí de dheiseanna dá leithéid breactha anseo.<br><br>**Litearthacht Dhigiteach agus Litearthacht**: agus taighde gréasánbhunaithe á dhéanamh ar eagraíochtaí agus cleachtaí foirmitheacha saincheaptha á gcur i gcrích.<br><br>**Uimhearthacht**: agus machnamh á dhéanamh ar ghnéithe cainníochtúla de thaighde margaidh agus praghas (straitéisí, tionchar agus deonacháin) agus na róil s'acu i ngníomhaíocht na heagraíochta.<br><br>**Cruthaitheacht agus Nuálaíocht**: agus staidéar ginearálta á dhéanamh ar mhargaíocht agus ar tháirge, praghas, láthair, promóisean, daoine, próiseas agus fianaise fhisiceach ar leith.<br><br>**Smaointeoireacht chriticiúil agus fadhbréiteach**: agus machnamh á dhéanamh ar fhadhbanna margaíochta agus samplaí de dhóigheanna ar tugadh faoi fhadhbanna den chineál chéanna agus ar réitíodh iad san am a chuaigh thart chun sochar eagraíochtaí.<br><br>**Pleanáil agus eagrú pearsanta agus éifeachtacht phearsanta**: is féidir iad seo a fhorbairt le cuidiú le daltaí agus iad ag ullmhú le haghaidh mheasúnú an aonaid. |

**Torthaí foghlama, critéir mheasúnaithe agus inneachar teagasctha**

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| **TF1** Tábhacht na ndíolachán, na margaíochta agus na gcustaiméirí d'eagraíochtaí a thuiscint | **CM1.1** An ghaolmhaireacht idir **margaí, margaíocht agus díol** a fhiosrú. | **Margaí, margaíocht agus díol**<br>• Margaí:<br>- tomhaltóir fisiceach (m.sh. bia agus miondíoltóireacht eile, ceant)<br>- gnólacht fisiceach (táirgí tionsclaíocha, mórdhíol, lucht oibre)<br>- neamh-fhisiceach/fíorúil (meáin, idirlíon)<br>- rangúcháin an mhargaidh dhíolacháin (m.sh. miondíoltóireacht, fáilteachas, gnó, deonach, earnáil phoiblí)<br>- airgeadais;<br>- neamhúdaraithe/neamhdhleathach<br>• Mórmhargaí, margaí digiteacha agus margaí nideoige<br>• Díol agus margaíocht:<br>- a bhfeidhmeanna/gcuspóir<br>- róil ríthábhachtacha poist/freagrachtaí<br>- limistéir den tsinéirge agus den choimhlint<br>• Cuspóirí margaíochta cineálacha: m.sh.<br>- riachtanais tomhaltóirí a shainaithint<br>- teagmháil éifeachtach le custaiméirí<br>- táirgí indíolta a chur ar fáil | Eolas a bheith ann ar an dóigh ar féidir an margadh a rangú de réir cineáil agus tréithe.<br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt d'eagraíochtaí ar leith, a margadh (margaí) agus an áit gharbh atá acu sa mhargadh (sna margaí).<br>Tuiscint a bheith ann ar na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar cé acu mórmhargaíocht, margaíocht dhigiteach nó margaíocht nideoige a dtugann eagraíocht chuici féin.<br>Eolas a bheith ann ar an chaidreamh idir díolacháin agus margaíocht.<br>Tuiscint a bheith ann ar na príomhchuspóirí margaíochta agus a oiread agus atá siad coiteann le gach eagraíocht.<br>Imscrúdú a dhéanamh ar an chineál margaíochta atá ag eagraíocht agus roghnú agus baint amach a cuspóirí margaíochta.<br>***Naisc shionoptacha: Ba chóir go dtuigfeadh foghlaimeoirí na naisc le fiontar (Aonad 1 CM 1.4) agus an timpeallacht sheachtrach (Aonad 1 CM 1.7).*** |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **CM1.2** Luacháil a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn eagraíochtaí ag gníomhú faoi thionchar na fírice go bhfuil a rath ag brath go príomha ar **chustaiméirí**. | **Custaiméirí**<br>• Cineálacha custaiméirí:<br>- custaiméirí aonair<br>- grúpaí custaiméirí<br>- custaiméirí le riachtanais speisialta<br>- custaiméirí baile agus gnó<br>- custaiméirí sa RA agus thar lear<br>• Riachtanais an chustaiméara agus táirgí á gceannach, m.sh.<br>- tréithe táirge a imscrúdú<br>- faisnéis a fháil faoi tháirge agus faoi sheirbhís iardhíola<br>- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an táirge le húsáid<br>• Seirbhís don chustaiméir:<br>- faisnéis a sholáthar<br>- cuidiú agus comhairliú<br>- fadhbanna a réiteach<br>- gearáin a láimhseáil<br>- taifid a choinneáil<br>- cuidiú le hairgeadas a fháil<br>- seirbhís iardhíola a dhéanamh<br>• Seirbhís do chustaiméirí, an táirge agus na hiomaitheoirí | Tuiscint a bheith ann ar na príomhchineálacha custaiméirí.<br><br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt ar an dóigh a mbíonn eagraíochtaí ag deighilt a gcuid custaiméirí (aois, inscne, stíl mhaireachtála, gairm, deighilt shíceagrafach, deighilt dhéimeagrafach agus deighilt de réir gnólachtaí (*firmographic*) agus gnólacht le gnólacht (*B2B*).<br><br>Bheith ábalta an nasc idir riachtanais custaiméirí agus an táirge (idir riachtanach agus neamhriachtanach) a mhíniú.<br><br>Eolas a bheith ann ar na príomhghnéithe de sheirbhís do chustaiméirí.<br><br>Bheith ábalta an fáth a mbíonn na gnéithe seo ag athrú a mheas, ag brath ar ghnéithe/ar chastacht an táirge agus ar na fórsaí iomaíocha atá ann sa mhargadh.<br><br>***Naisc shionoptacha: Ba chóir go dtuigfeadh foghlaimeoirí fosta tionchar na gcuspóirí ar an eagraíocht (Aonad 1 CM 1.5) agus tábhacht na hoiliúna agus forbairt a dhéanamh ar fhostaithe i seirbhís do chustaiméirí (Aonad 1 CM 3.2).*** |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| **TF2** Ról agus tábhacht an taighde margaidh d'eagraíochtaí a thuiscint | **CM2.1** Luacháil a dhéanamh ar éifeachtúlacht faisnéise a fhaightear ó **thaighde margaidh** | **Taighde Margaidh**<br>• Cúiseanna le taighde a dhéanamh<br>• Cineálacha taighde:<br>- príomhúil (cáilíochtúil agus cainníochtúil)<br>- tánaisteach<br>• Modhanna príomhúla: m.sh.<br>- agallaimh<br>- ceistneoirí le haiseolas a fháil ó chustaiméirí<br>- painéil tomhaltóirí<br>- breathnú custaiméirí<br>- margaíocht tástála<br>• Modhanna tánaisteacha: m.sh.<br>- sonraí/faisnéis ó thaobh istigh den eagraíocht<br>- foilseacháin tionsal-bhunaithe agus rialtais<br>- tuairiscí tráchtála<br>• Faisnéis a fhaightear:<br>- riachtanais custaiméirí<br>- oiriúnacht an táirge<br>- feidhmíocht na n-iomaitheoirí<br>• Taighde margaidh agus an straitéis mhargaíochta | Bheith eolach ar an fháth a mbíonn eagraíochtaí ag déanamh taighde ar a margadh/margaí.<br><br>Bheith ábalta cur síos a dhéanamh ar mhodhanna príomhúla agus tánaisteacha, agus ar mhodhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla den taighde margaíochta agus samplaí díobh a thabhairt.<br><br>Bheith ábalta luacháil a dhéanamh ar úsáideacht faisnéise a fuarthas trí thaighde margaidh, faisnéis atá ag baint le custaiméirí, táirgí agus/nó margaí eagraíochta, trí amharc ar ghnéithe mar an costas, an tráthúlacht, an leordhóthain agus an oiriúnacht.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar an ról a imríonn taighde margaidh ar straitéis mhargaíochta na heagraíochta.<br><br>***Naisc shionoptacha: Ba chóir go dtuigfeadh foghlaimeoirí na naisc le pleanáil ghnó (Aonad 1 CM 1.6) agus an dóigh a mbíonn TFC ag tacú le gníomhaíochtaí eagraíochtúla (Aonad 1 CM 2.5).*** |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| **TF3** Nádúr agus tábhacht an chumaisc margaíochta d'eagraíochtaí a thuiscint | **AC3.1** Fiosrú a dhéanamh ar nádúr, feidhmeanna agus comhchaidreamh na ngnéithe difriúla sa chumasc margaíochta:<br><br>**3.1a 'Táirge'** | **Táirge**<br>• Gnéithe táirge, tairbhí, gné uathúil dhíolacháin<br>• Difreáil táirgí:<br>- feidhm bhunúsach (croífheidhm)<br>- gnéithe breise<br>- tacaíocht táirge<br>• Saolré táirge agus portfóilió táirge<br>• Láithriú táirge a mhapáil<br>• Taighde ar tháirgí<br>- ag forbairt táirgí nua<br>- saol na dtáirgí atá ann cheana féin a fheabhsú agus a shíneadh.<br>• An méid a dhéanann táirgí fóirsteanach i dtreo spriocanna margaíochta a chur i gcrích. | ***Naisc shionoptacha(3.1a – e): Ba chóir go dtuigfeadh foghlaimeoirí fosta na naisc leis an tábhacht atá le daoine fóirsteanacha a fhostú (Aonad 1 CM 3.1), tábhacht na hoiliúna agus forbairt a dhéanamh ar fhostaithe (Aonad 1 CM 3.2) agus éifeachtúlacht inspreagadh na bhfostaithe (Aonad 1 CM 3.3).***<br><br>Bheith eolach ar an dóigh ar féidir táirgí a chatagóiriú de réir gnéithe/gnéithe uathúla díolacháin agus na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo don cheannaitheoir.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar an dóigh ar féidir difreáil a dhéanamh ar tháirgí.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar an nasc idir anailís ar shaolré táirge agus portfóilió táirgí na heagraíochta.<br><br>Bheith ábalta an ghaolmhaireacht idir táirgí eagraíochta agus na táirgí atá ag a hiomaitheoirí a mhapáil agus a mhíniú.<br><br>Bheith ábalta míniú a thabhairt ar nádúr agus ar thábhacht na straitéisí le táirgí nua a fhorbairt agus le táirgí a fheabhsú/a shíneadh.<br><br>Bheith ábalta a mheas cén dóigh a gcuidíonn táirgí eagraíochta léi a spriocanna margaíochta a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **3.1b 'Praghas'** | **Praghas**<br>• Straitéisí praghsála do tháirgí nua: m.sh.<br>- uachtarphraghsáil<br>- praghsáil fhódaithe<br>- praghsáil faoi chinnireacht an mhargaidh<br>• Straitéisí praghsála do tháirgí atá ann cheana féin: m.sh.<br>- treoirphraghsáil nó leantóir praghsála, praghsáil chreachach<br>• Tionchar na gcostas ar an phraghas:<br>- tosca atá ag baint le costas (praghsáil an chostais *plus* agus praghsáil chion tairbhe)<br>• Tionchar an phraghais agus tosca eile ar chustaiméirí: m.sh.<br>- gnéithe an táirge<br>- infhaighteacht táirgí<br>- caighdeán táirgí<br>- iomaíocht<br>- infhaighteacht na n-ionadach<br>• An méid a dhéanann straitéisí praghsála éifeachtacha i dtreo spriocanna margaíochta a bhaint amach | Bheith ábalta míniú a thabhairt ar na tosca atá freagrach as eagraíochtaí ag glacadh le straitéisí praghsála do tháirgí nua agus táirgí atá ann cheana féin.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar thionchar na dtosca costas-nasctha ar na praghsanna a shocraítear.<br><br>Bheith ábalta a mhíniú cén dóigh a n-imríonn praghsanna agus tosca eile araon tionchar ar chustaiméirí.<br><br>Bheith ábalta a mheas cad é ár a chuidíonn na straitéisí praghsála atá ag eagraíocht lena spriocanna margaíochta a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **3.1c 'Áit'** | **Áit**<br>• Tábhacht na 'háite'<br>• Rogha na mbealaí/straitéisí dáileacháin<br>- dáileachán díreach agus neamhdhíreach<br>- fisiceach agus fíorúil<br>• Tionchar leibhéal an fhódaithe:<br>- dianbhealaí<br>- bealaí roghnacha<br>- bealaí eisiacha<br>- meáin shóisialta/gréasánbhunaithe<br>• Ról an tsaincheadúnaithe sa dáiliúchán:<br>- an saincheadúnóir<br>- an saincheadúnaí<br>- tairbhe an tsaincheadúnaithe don dá pháirtí<br>• Tomhas a dhéanamh ar éifeachtúlacht an dáileacháin<br>• An méid a dhéanann straitéis éifeachtúil 'láithrithe' i dtreo spriocanna margaíochta a bhaint amach | Bheith eolach ar an fháth a bhfuil sé tábhachtach an táirge a láithriú agus a dháileadh.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar na tosca a chinneann an rogha a dhéanann eagraíocht de bhealaí/straitéisí dáileacháin.<br><br>Bheith ábalta samplaí a thabhairt den dóigh a mbíonn eagraíochtaí ag dáileadh a gcuid táirgí, agus na fáthanna le dáileadh dá leithéid.<br><br>Bheith eolach ar ról agus luach an tsaincheadúnaithe i dtáirgí a dháileadh agus bheith ábalta samplaí a thabhairt.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar an dóigh ar féidir tomhas a dhéanamh ar éifeachtúlacht an dáileacháin trí chomparáid a dhéanamh ar an chlúdach bealach-chumasctha in aghaidh chostas iomlán an dáileacháin.<br><br>Bheith ábalta a mheas cé chomh fada agus a chuidíonn straitéisí dáileacháin na heagraíochta léi a spriocanna margaíochta a bhaint amach. |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **3.1d 'Promóisean'** | **Promóisean**<br>• Cuspóirí an phromóisin<br>• Gnéithe den chumasc promóisin:<br>- fógraíocht<br>- promóisean díolachán<br>- caidreamh poiblí/urraíocht<br>- margaíocht dhíreach<br>- díol pearsanta<br>• Cineálacha promóisin:<br>- os cionn na líne (fógraíocht dhíreach trí mheáin neamhspleácha)<br>- faoin bhun na líne (smacht díreach, m.sh. cártaí dílseachta, dearbháin in-siopa, comórtais)<br>• Tionchair ar rogha na meán:<br>- costas/buiséad margaíochta<br>- spriocghrúpa<br>- céim i dtimthriall na beatha<br>- cineál/méid iomaíochta<br>- infhaighteacht táirgí<br>- difreáil táirgí<br>- infhaighteacht/úsáid na meán sóisialta agus na teicneolaíochta cumarsáide<br>• Ról an mharsantaithe<br>• Cineálacha marsantaithe:<br>- i siopa agus ar line<br>- Modhanna díolphointe, m.sh. teicnící taispeántais, samplaí saor in aisce, taispeántais ar an láthair, praghsáil, tairiscintí speisialta<br>• An méid a dhéanann promóisean éifeachtúil le spriocanna margaíochta a bhaint amach. | Bheith eolach ar chuspóir promóisin: m.sh.<br>- feasacht a thógáil<br>- spéis a chruthú<br>- faisnéis a chur ar fáil<br>- éileamh a spreagadh,<br>- difreáil a dhéanamh ar tháirge<br>- branda a atreisiú.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar na príomhghnéithe sa 'chumasc promóisin'.<br><br>Bheith ábalta cur síos a dhéanamh ar shamplaí eagraíocht-bhunaithe de phromóisean os cionn na líne agus faoi bhun na líne agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.<br><br>Tuiscint a bheith ann ar an dóigh a roghnaítear meáin phromóisin agus samplaí eagraíocht-bhunaithe díobh a lua.<br><br>Bheith eolach ar an ról marsantaithe agus ar na cineálacha marsantaithe a úsáideann eagraíochtaí.<br><br>Bheith ábalta a mheas cén dóigh a mbíonn na straitéisí promóisin atá ag eagraíocht ag cuidiú léi a cuid spriocanna margaíochta a bhaint amach |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Inneachar teagasctha** | **Eiseamláiriú** |
|---|---|---|---|
| *Déanfaidh an foghlaimeoir:* | *Beidh an foghlaimeoir ábalta:* | *(ní mór an t-inneachar seo a leanas a theagasc d'fhoghlaimeoirí)* | (féach fosta ar Treoir don Teagasc (*Guidance for Teaching*) |
| | **3.1e 'Daoine', 'Próiseas' 'Fianaise fhisiceach'** | **Daoine, Próiseas agus Fianaise fhisiceach**<br>• An ról atá ag 'Daoine', 'Próiseas' agus 'Fianaise fhisiceach':<br>- (Daoine) custaiméirí atá i dteagmháil le fostaithe eagraíochta<br>- (Próiseas) custaiméirí ag infheistiú i níos mó ná an táirge<br>- (Fianaise fhisiceach) baineann custaiméirí leas as a bheith ábalta an rud atá á cheannach acu a 'fheiceáil'<br>An fheidhm atá ag gach gné taobh istigh den chumasc<br>• An méid a dhéanann gach ceann acu i dtreo spriocanna margaíochta a bhaint amach | Bheith eolach ar róil na dtrí P seo sa chumasc margaíochta.<br>Bheith ábalta an méid a dhéanann gach ceann de na gnéithe seo le cumasc margaíochta éifeachtúil a chruthú.<br>Bheith ábalta a mheas cén dóigh a mbíonn gach ceann acu, 'Daoine', 'Próiseas' agus 'Fianaise fhisiceach' ag cuidiú le heagraíocht a spriocanna margaíochta a bhaint amach. |
| | **CM3.2** Luacháil a dhéanamh ar an ról a imríonn an **cumasc margaíochta** sa **straitéis mhargaíochta** fhoriomlán | **Cumasc margaíochta agus an straitéis mhargaíochta**<br>• An ghaolmhaireacht idir an cumasc agus spriocanna na heagraíochta<br>• An ról a imríonn an cumasc margaíochta sa straitéis mhargaíochta | An ghaolmhaireacht idir cumasc margaíochta eagraíochta agus a cuspóirí.<br>Bheith ábalta luacháil a dhéanamh ar an ról a imríonn an cumasc margaíochta atá ag eagraíocht ar a straitéis mhargaíochta.<br>***Naisc shionoptacha: Ba chóir go dtuigfeadh foghlaimeoirí na naisc le Misin, Aidhmeanna agus Cuspóirí (Aonad 1 AC 1.5).*** |

**Bandaí feidhmíochta**

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Banda 1**<br>**1 – 6 mharc** | **Banda 2**<br>**7 – 12 mharc** | **Banda 3**<br>**13 – 18 marc** | **Banda 4**<br>**19 – 24 marc** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **An áit nach bhfuil fianaise ar bith ann nó nach fiú creidiúint í an obair – 0 marc** | | | |
| **TF1** Tábhacht na ndíolachán, na margaíochta agus na gcustaiméirí d’eagraíochtaí a thuiscint | **CM1.1** An ghaolmhaireacht idir margaí, margaíocht agus díol a fhiosrú. | Cuirtear síos ar phríomhghnéithe na margaí, na margaíochta agus an díola agus ar an ghaolmhaireacht idir margaíocht agus díol agus cuspóirí margaíochta a bhaint amach | Mínítear príomhghnéithe na margaí, na margaíochta agus an díola i gcomhthéacs agus an ghaolmhaireacht idir margaíocht agus díol i gcomhthéacs gach eagraíochta ag baint a cuspóirí margaíochta amach | Luacháil ar an timpeallacht sheachtrach, staid an mhargaidh agus an ghaolmhaireacht idir margaí, margaíocht agus díol agus an ghaolmhaireacht idir margaíocht agus díol i gcomhthéacs gach eagraíochta ag baint a cuspóirí margaíochta amach | Luacháil dhomhain ar an timpeallacht sheachtrach, staid an mhargaidh agus an ghaolmhaireacht idir margaí, margaíocht agus díol agus an ghaolmhaireacht idir margaíocht agus díol i gcomhthéacs gach eagraíochta ag baint a cuspóirí margaíochta amach |
| | **CM1.2** Luacháil a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn eagraíochtaí ag gníomhú faoi thionchar na fírice go bhfuil a rath ag brath go príomha ar chustaiméirí. | Cuirtear síos ar roinnt cineálacha, tréithe agus riachtanais chustaiméirí agus ar nádúr agus fóirsteanacht na seirbhíse custaiméara a chuireann eagraíocht amháin ar a laghad ar fáil | Mínítear cineálacha, tréithe agus riachtanais na gcustaiméirí atá ag an dá eagraíocht agus nádúr agus fóirsteanacht na seirbhíse custaiméara a chuireann an dá eagraíocht ar fáil agus an dóigh a gcuireann oiliúint foirne éifeachtach leis sin | Déantar anailís ar chineálacha, tréithe agus riachtanais na gcustaiméirí atá ag an dá eagraíocht agus nádúr agus fóirsteanacht na seirbhíse custaiméara a chuireann an dá eagraíocht ar fáil agus an dóigh a gcuireann oiliúint foirne éifeachtach leis sin | Déantar anailís dhomhain ar chineálacha, tréithe agus riachtanais na gcustaiméirí atá ag an dá eagraíocht agus déanann luacháil chruinn ar nádúr agus ar fhóirsteanacht na seirbhíse custaiméara a chuireann an dá eagraíocht ar fáil agus an dóigh a gcuireann oiliúint foirne éifeachtach leis sin |

| **Toradh foghlama** | **Critéir mheasúnaithe** | **Banda 1**<br>**1 – 6 mharc** | **Banda 2**<br>**7 – 12 mharc** | **Banda 3**<br>**13 – 18 marc** | **Banda 4**<br>**19 – 24 marc** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **An áit nach bhfuil fianaise ar bith ann nó nach fiú creidiúint í an obair – 0 marc** | | | |
| **TF2** Ról agus tábhacht an taighde margaidh d'eagraíochtaí a thuiscint | **CM2.1** Luacháil a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó thaighde margaidh | Cuirtear síos ar an taighde margaidh a dhéanann eagraíocht amháin agus a úsáideacht don eagraíocht | Mínítear an taighde margaidh a dhéanann eagraíocht amháin agus a úsáideacht don eagraíocht | Déantar anailís ar an taighde margaidh a dhéanann eagraíocht amháin agus a úsáideacht don eagraíocht | Anailís dhomhain ar an taighde margaidh a dhéanann eagraíocht amháin agus luacháil dhomhain ar a úsáideacht don eagraíocht |
| **TF3** Nádúr agus tábhacht an chumaisc margaíochta d'eagraíochtaí a thuiscint | **AC3.1** Fiosrú a dhéanamh ar nádúr, feidhmeanna agus comhchaidreamh na ngnéithe difriúla sa chumasc margaíochta | Déantar cur síos imlíneach ar nádúr na 7P sa chumasc margaíochta agus cuireann síos ar fheidhmeanna na 7P sa chumasc margaíochta atá ag an eagraíocht áirithe seo | Déantar cur síos ar nádúr na 7P sa chumasc margaíochta agus míníonn feidhm/feidhmeanna na 7P sa chumasc margaíochta atá ag an eagraíocht áirithe seo | Mínítear nádúr na 7P sa chumasc margaíochta agus déantar luacháil ar fheidhm/fheidhmeanna agus comhchaidreamh na 7P sa chumasc margaíochta atá ag an eagraíocht áirithe seo | Míniú domhain ar nádúr gach ceann de na 7P sa chumasc margaíochta agus luacháil dhomhain ar fheidhm/fheidhmeanna agus ar chomhchaidreamh na 7P sa chumasc margaíochta atá ag an eagraíocht áirithe seo |
| | **CM3.2** Déan luacháil ar an ról a imríonn an cumasc margaíochta sa straitéis mhargaíochta fhoriomlán | Cuirtear síos ar ról na dtrí P a roghnaíodh le cuidiú leis an eagraíocht áirithe seo a cuid cuspóirí margaíochta a bhaint amach trí chumasc margaíochta éifeachtach a chruthú | Mínítear ról na dtrí P a roghnaíodh le cuidiú leis an eagraíocht áirithe seo a cuid cuspóirí margaíochta a bhaint amach trí chumasc margaíochta éifeachtach a chruthú | Déantar luacháil ar ról na dtrí P a roghnaíodh le cuidiú leis an eagraíocht áirithe seo a cuid cuspóirí margaíochta a bhaint amach trí chumasc margaíochta éifeachtach a chruthú | Luacháil dhomhain ar ról na dtrí P a roghnaíodh le cuidiú leis an eagraíocht áirithe seo a cuid cuspóirí margaíochta a bhaint amach trí chumasc margaíochta éifeachtach a chruthú |

**Achoimre ar mheasúnú**

Déantar measúnú ar an aonad seo go hinmheánach.

Tá uasmhéid de 72 marc ag tascanna, agus tá siad nasctha le Critéir Mheasúnaithe mar a leanas.

- Tá tasc 1a agus tasc 1b nasctha le CM 1.1, agus tá uasmhéid de 8 marc ag gach Tasc.
- Tá tasc 1c nasctha le CM 1.2, agus tá uasmhéid de 8 marc aige fosta.
- Tá tasc 2a agus tasc 2b nasctha le CM 2.1, agus tá uasmhéid de 12 mharc ag gach Tasc.
- Tá tasc 3a agus tasc 3b nasctha le CM 3.1, agus tá uasmhéid de 8 marc ag gach Tasc.
- Tá tasc 3c nasctha le CM 3.2, agus tá uasmhéid de 8 marc aige fosta.

Le heolas mionchruinn a fháil ar an dóigh a mbronntar marcanna Cuspóirí Foghlama d'Aonad 2, iarrtar ort amharc ar leathanach 24 – 28 de na hÁbhair Shamplacha Mheasúnaithe – Doiciméad inmheánach ar an tsuíomh gréasáin.

**Treoir leis na haonaid a chur ar fáil**

Leis an ról a imríonn margaíocht sa ghnó a thuiscint agus le go mbeidh meas ag iarrthóirí air, ní mór do lárionaid foghlaimeoirí a dhéanamh páirteach in imscrúdú ghníomhach ar an mhargaíocht i gcúrsaí gnó.
Mar atá in aonad 1, ní mór d'fhoghlaimeoirí a aithint go bhfuil an t-eolas agus an tuiscint a fhorbraíonn siad faoin mhargaíocht ábhartha ar leibhéal ghairmiúil. Is féidir cuairteanna a eagrú chuig eagraíochtaí miondíola agus eile le taithí a fháil ar na gníomhaíochtaí, aidhmeanna agus cuspóirí atá ag na eagraíochtaí seo atá ag baint leis an chumasc margaíochta, le taighde a dhéanamh orthu agus/nó lena bplé le fostaithe.

**An teagasc a dhéanamh ábhartha ó thaobh gairme de**

Is den tábhacht go dtuigfeadh foghlaimeoirí go bhfuil an t-eolas agus tuiscint a fhorbraíonn siad ábhartha ó thaobh gairme de. Tá roinnt dóigheanna ar féidir seo a chur i gcrích:

**Sampla 1**

Is féidir le cainteanna ó speisialtóirí margaíochta cuartaíochta nó lucht gnó eile faisnéis léargasach a chur ar fáil; mar shampla, thiocfadh le saincheadúnaí an cur chuige maidir le seirbhís do chustaiméirí atá in úsáid acu a mhíniú, agus cur síos garbh agus measúnú a dhéanamh ar an tacaíocht atá ag baint leis an mhargaíocht a fhaightear ó eagraíocht an tsaincheadúnóra.

**Sampla 2**

Is féidir gníomhaíochtaí praiticiúla dírithe ar chás obairbhunaithe a dhéanamh, leithéidí ceistneoir a dhearadh le himscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a gcaithfidh/a raibh ar eagraíocht athrú le déileáil le himeacht an RA ón Aontas Eorpach, nó cé chomh fada agus a úsáideann a fostaithe TFC agus cad é an leas a bhaineann siad as.

**Sampla 3**

Is féidir úsáid mhaith a bhaint as cás-staidéir nó saintuairiscí: tá siad ar fáil go saor ar shuíomhanna gréasáin (2016), lena n-áirítear cur chuige Kellog ar an chumasc margaíochta agus an dóigh a n-úsáideann Unison promóisean le feachtas a dhéanamh ar son seirbhísí poiblí (féach http://businesscasestudies.co.uk/).

**Sampla 4**

Is féidir taithí oibre atá bainteach le margaíocht agus le miondíol a chur ar bun chomh maith le naisc eile le fostóirí áitiúla eile le cuidiú le foghlaimeoirí eolas agus tuiscint níos fearr a ghnóthú ar chúrsaí gairme.

Is féidir naisc a dhéanamh le limistéir thopaice in aonad 1, agus moltar sin a dhéanamh. Mar shampla, nuair a smaoinítear ar réimse na margaí ina mbíonn eagraíocht ag feidhmiú nó ar nádúr seirbhís custaiméara na heagraíochta seo, tá limistéir fhollasacha le fiosrú, mar shampla an dóigh a bhfuil an eagraíocht struchtúraithe, a páirtithe leasmhara, agus ról agus ábharthacht fheidhm na fiontraíochta.

**Teagmhálacha a dhéanamh**

I measc samplaí d'eagraíochtaí arbh fhéidir dul i dteagmháil leo le cuidiú leat, tá:

- mórshreanga ollmhargaidh
- eagraíochtaí monaraithe áitiúla
- ionaid mhóra chaife

**Acmhainní**

Is féidir le foghlaimeoirí topaic na margaíochta a thuiscint go hiontach réidh, den chuid is mó mar gheall ar a háit ina saol agus ina dtaithí ó lá go lá. Mar sin de, is cuí go mbeadh taithí an fhoghlaimeora ina acmhainn ríthábhachtach don phróiseas foghlama san aonad seo.

*Leabhair/pacaí acmhainní/áiseanna eile*

Seo roinnt samplaí:

Blick D, The Ultimate Small Business Marketing Book (Filament 2011) ISBN-13 978-1905493777

Kitchen T agus Ivanescu Y, Profitable Social Media Marketing 2ú eag. (CreatSpace 2015) ISBN-10 1519611925

Ryan D, Understanding Digital Marketing 3ú eag. (Kogan Page 2014) ISBN-10 0749471026

Ba chóir plé leis an idirlíon mar áis úsáideach don aonad seo. Mar shampla, is féidir na suíomhanna gréasáin (2016) atá ag eagraíochtaí taighde margaíochta a fhiosrú agus a úsáid i ngníomhaíochtaí taighde, mar:

https://www.b2binternational.com/ B2B Idirnáisiúnta – tá blaganna agus ailt ó na nuachtáin ann

http://www.mintel.com/ Mintel – tá blag, B2B agus tuairiscí eile ann